



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2021

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Léann Clasaiceach

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí forbartha i bhfreagraí na n- iarrthóirí agus bronnann siad marcanna de réir an oiread forbartha a dhéantar ar na pointí seo. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe cuimsitheach a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad sin ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách fada i gceist go hiondúil.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara i gcás an Ardleibhéil, nuair a bhíonn anailís, measúnú, trácht nó plé ag teastáil i gceisteanna, nach mór d'iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar an ngné sin den cheist agus nach leor cuntas a thabhairt ar an scéal amháin. Bronnfar marcanna éigin as eolas a thaispeáint nach n-úsáidtear chun an cheist a fhreagairt go díreach, ach ní bhronnfar marcanna arda as.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil. Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóirí ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

Topaic 1. An Aithin i mbun Cogáíochta.

(i)

(a) Ba é an rí Spartaigh, Archidamus, a stiúir Léigear Plataea. Ar an gcéad dul síos, rinne muintir Plataea iarracht a chur in luí ar na Spartaigh gan tabhairt faoi trí ionadaithe a chur leis an obair mhaith a rinne na Spartaigh le linn Chogaí na bPeirseach a mheabhrú dóibh. Mhínigh siad nach bhféadfaidís dul i gcoinne na nAithneach toisc go raibh a mná céile agus a bpáistí san Aithin. Chuaigh muintir Plataea i comhairle leis na hAithnigh agus d'aontaigh siad go bhfanadh siad ar a dtaobhsan agus nach ngéillfeadh siad do Sparta. Thóg na Spartaigh pailis adhmaid thart ar an mbaile agus cnocán ollmhór ag taobh bhalla an bhaile. D'fhreagair muintir Plataea trí bhalla adhmaid a thógáil ar bharr an bhalla a bhí acu cheana, líon siad le brící é ó thithe in aice láimhe. Chosain siad é le seithí ainmhithe. Thóg siad mian freisin faoi chnocán na Spartach agus bhain siad ithir ón gcnocán nár éirigh, ar ndóigh. Ansin thóg muintir Plataea balla inmheánach, a bhí ag lúbadh siar i gcruth corráin. Cuireadh lasú in innill léigir na Spartach agus briseadh iad nó rinneadh iad a bhrú le bíomaí luascacha. Rinne na Spartaigh iarracht an chathair chur ar thine agus scrios siad cuid mhór de, ach níor éirigh an ghaoth agus bhí stoirm thoirní ann a chuir teorainn leis an damáiste. Ar deiridh, b'éigean dóibh géilleadh mar gheall ar ocras.

Trí phointe. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Níor thionscain na Spartaigh cúisimh ar bith i gcoinne mhuintir Plataea. Cuireadh ceist orthu díreach an ndearna siad rud ar bith le cuidiú le Sparta sa chogadh. Chuir muintir Plataea beirt fear chun tosaigh ansin lena gcás a chur chun tosaigh. Rinne siad é sin chomh maith sin agus go ndearna muintir na Téibhe idirghabháil chun brú a chur ar na Spartaigh ach maraíodh marthanóirí mhuintir Plataea ar deireadh.

Pointe amháin. (15.)

(15 mharc)

(ii)

Peiriclás: Ba é Peiriclás an ceannaire Aithneach faoinar cuireadh tús le Cogadh na Peilipnéise faoi. Thugtaí an leasainm, an tOilimpeach, air mar gheall ar a ionracas. Bhí beartas eachtrach ionsaitheach i bhfeidhm aige a bhí bunaithe ar gan cathanna móra talún a bheith ann, agus ina ionad sin chuir sé iontaobhe in ardchéimíocht an chabhlaigh. Bhí sé díograiseach faoina ghrá dá thír. Tá Túicídídéas tógtha lena chríonnacht agus lena chinntitheacht maidir leis an gcogadh a stiúradh, a thuiscint ar chora casa agus fulaingt na ndaoine (Óráid Sochraide); a stuaim agus a chomhsheasmhacht. Tá a mhórchumas mar urlabhraí poiblí, an meas a bhí air i measc fhormhór na saoránach ina thoisc eile. Cuireann Túicídídéas síos do sprid iontach, uaisleacht agus mothú óráidí Pheiricléis. Áitíonn an staraí gurbh léir a fhiúntais i ndiaidh dó bás a fháil ón

bPlá toisc go “dearna a réamhtheachtaithe a mhalairt iomlán ar a méid a mhol sé, rud a raibh torthaí tubaisteacha mar thoradh air”.

Trí phointe. (9, 8, 8.)

(25 marc)

Déamastainéas: D'éirigh go hiontach le gairmbheatha Dhéamastainéas sa Chogadh in 425 R.Ch. ag Pylos, chun Sparta a shárú. Chuir sé cosaint spleodrach le líon beag ag an bpointe inar ghlac sé leis, go beacht, go ndéanfadh na Spartaigh ionsaí agus gur chuir sin cosc ar threascairt amach agus amach. Chuaigh sé síos chun na farraige fiú le 40 hoiplíteach chun na Spartaigh a chosc ó theacht i dtír. Thug sé óráid inspioráideach dá chuid fear, ag impí orthu gan eagla a bheith orthu roimh líon níos airde an namhad. Treisithe ag teacht chabhlach na hAithne, fuair siad lámh an uachtair ar na Spartaigh agus chuir siad bac ar níos mó ná 400 díobh (go leor Spartach den aicme uachtarach) ar an oileán Sfaictéiria a bhí in aice láimhe. Bhí sé beartaithe ag Déamastainéas i dtosach na Spartaigh a fhágáil ocrach, ach mhair sé sin rófhada nuair a chuir na Spartaigh ina luí ar a gcuid Héalótaí dul sa tseans soláthairtí a fháil dóibh. Nuair a nocht tine cuid mhaith den oileán, bheartaigh Déamastainéas ionsaí a dhéanamh ar na Spartaigh. Ghéill na Spartaigh do Chléón agus do Déamastainéas. Bhí ionadh ar shaol na Gréige. Bua an-mhór a bhí ann don Aithin. Throid Déamastainéas ag an Cath ag Delium ina bhfuair na Béóitiaigh an bua ar na Spartaigh. Shínigh sé Síocháin Nicias in 421 R.Ch. Nuair a thosaigh rudaí ag dul chun donais i Sluaíocht na Sicile, bhí Déamastainéas ar cheann de na ginearáil a seoladh amach nuair a scríobh Nicias chuig an Aithin ag moladh go gcuirfí deireadh leis. Fuair Déamastainéas sa tseans oíche amháin ag Epipolae. Maraíodh a lán Aithneach. Mhol Déamastainéas anois gur cheart d'fhórsa na Sicile filleadh abhaile. Cuireadh ina luí ar Nicias é seo a dhéanamh sa deireadh, ach le héiclips na gealaí d'athraigh sé a intinn agus d'fhan siad ann. Bhí cath cabhlaigh deireanach ann, ba é Déamastainéas ceannasaí na hAithne i dteannta le beirt eile. Sháraigh an namhaid longa na hAithne, a bhí teoranta agus leochaileach, nó thug an namhaid orthu moill a chur ar an éalú ar thalamh. Faoi stiúir Dhéamastainéas, bhí a lán díobh scartha ó Nicias agus ionsaíodh iad agus cuireadh iallach orthu géilleadh. Cuireadh Déamastainéas chun báis.

Trí phointe. (9, 8, 8.)

(25 marc)

Nicias: Polaiteoir agus ginearál Aithneach le linn Chogadh na Peilipinéise. Sna chéad deich mbliana den choinbhleacht, chruthaigh Nicias a chumas mar cheannaire ar shluaíochtaí ionsaitheacha agus in 421 R.Ch. d'idirbheartaigh sé Síocháin Nicias. Mhill naimhdeas chomhghuaillithe na Spartach agus freasúra an ginearáil Aithnigh Alcibiades, an tsíocháin, áfach. Labhair Nicias amach i gcoinne Shluaíocht na Sicile ach fuair argóintí Alcibiades nach raibh muinín ar bith aige as an bua air. Bhí Nicias ar cheann de na ceannasaithe a cuireadh i gceannas. Agus é sa tSicil, cé go raibh sé an-tinn, tugadh an ceannas iomlán dó ar Chath Shiocracús. Níor raibh an balla ar thug a fhórsaí iarraidh é a thógáil thart ar Shiocracús críochnaithe. D'iarr Nicias go scaoilfí as a cheannas é, ach tháinig trúpaí athneartaithe faoi Dhéamastainéas ina ionad sin go luath in 413 R.Ch. Nuair nár éirigh leo siúd an cás a iompú, bhí Déamastainéas i bhfabhar arm na hAithne a tharraingt siar, ach tharla urú na gealaí, agus ghlac

Nicias, arbh dhuine piseogach é, comhairle a fhear feasa moill a chur ar an imeacht. Go luath ina dhiaidh sin, thug muintir Shioracús ar fhórsaí na hAithne géilleadh, lena n-áirítear Nicias, a chuir siad chun báis.

Trí phointe. (9, 8, 8.)

(25 marc)

Dhá cheann ar bith díobh sin thuas.

(50 marc)

(iii)

(a) In 416 R.Ch. threoraigh na hAithnigh turas go Melos, coilíneacht Spartan. Bhí 38 long ag na hAithnigh le 1,200 hoiplíteach, 300 boghdóir agus 20 boghdóir suite agus thart ar 1,500 hoiplíteach ghaolmhara. Chuir siad ionadaithe chuig an gcomhlacht rialaithe chun an méid seo a leanas a rá: Molann siad go bhfuil focail mhín gan brí nó bréagach gan phointe, ag rá “go ndéanann na daoine láidre an chumhacht atá acu a dhéanamh agus go nglacann daoine laga leis an méid a chaithfidh siad glacadh leis.” Táimid anseo ar mhaithe lenár n-impireacht féin agus ba mhaith linn scrios do chathrach a spáráil duit, mar sin trí ghéilleadh shábhálfá tú féin ó thubaiste. Dá mbeimis róchairdiúil leat, is é sin le muid féin a thaispeáint dár n-ábhar mar dhaoine laga, ní féidir linn é sin a íoc. Rialaímid an fharraige agus toisc gur oileán tú, caithfidh tú a rialú chun ár n-impireacht a dhaingniú. Má tá tú ciallmhar, feicfidh tú nach féidir leat an bua a fháil agus mar sin ba chóir duit géilleadh. “Is tráchtarra daor é an dóchas”. Ina áit sin, bí praiticiúil agus ná cuir do dhóchas i dtuairimí doiléire. Tá sé chomh dóchúil go mbeidh na déithe ar ár dtaobhsa agus go mbeidh siad ar do thaobhsa. Tá sé nádúrtha gach rud is féidir a rialú, nílimid ach ag gníomhú de réir an dlí nádúrtha. Ná samhlaigh go dtiocfaidh Sparta chun cabhrú leat, is amaideach é sin. Ní bhíonn claonadh acu an rud ceart a dhéanamh mura n-oireann sé dóibh. Féach ar na seansanna atá agat maireachtáil inár gcoinne. Tá an taifead atá againn i léigear den scoth, is féidir go dtiocfadh scrios ar chiall amaideach onóra. Is maith an smaoineamh é i gcónaí do dhaoine uachtaracha a chóireáil le hiarchur.

Trí phointe. (7, 7, 6.)

(20 marc)

(b) Deir na Méileasaigh: Is é an t-idirphlé seo ceann nach féidir linn a bhuachan mar gheall ar do bhagairt ionsaí a dhéanamh le fórsa ollmhór. Ní féidir linn a roghnú ach idir géilleadh agus ionsaí. Ba chóir do gach fear gníomhú le ceartas agus le cothroime, bheifeá ag iarraidh sin é dá dtitfeá. Conas is féidir leis a bheith maith dúinn bheith inár sclábhaithe agus tusa bheith ina máistrí? Nach féidir linn bheith neodrach i gcónaí? Níl aon bhaint againn leat, ní duine de do choilíneachtaí muid. Cinnte go mbeidh stáit neodracha eile ina naimhde duit nuair a fheicfidh siad an chaoi a bhfuil tú ag caitheamh linn? Nach neartóidh sé seo do naimhde? Cinnte is é an t-aon rud onórach atá le déanamh againn ná an sclábhaíocht a dhiúltú. Uaireanta ní bhíonn toradh an chogaidh chomh intuatha, d’fhéadfaí go n-athróidh an t-ádh, ar a laghad má sheasann muid go daingean, beidh dóchas againn fós. Tá muinín againn as dea-thoil na ndéithe toisc go seasaimid ar son an rud atá ceart. Is iad na Spartaigh ár ngaolta agus tá siad ar ár dtaobhsa, cabhróidh siad linn. Beidh sé chun leasa dóibh. Mura dtiocfaidh siad iad féin,

d'fhéadfadh siad daoine eile a chuir. Chuireamar ár ndóchas iontu agus sna déithe. Tá an tsaoirse againn le seacht gcéad bliain agus ní thabharfaimid ar láimh í anois.

Trí phointe. (7, 7, 6.)

(20 marc)

(c) I ndeireadh na heipeasóide seo, chuir na hAithnigh cathair Melos faoi léigear agus ghabháil siad í. Chuir siad fir a bhí sean go leor don arm chun báis agus dhíol siad na mná agus na páistí mar sclábhaithe.

Pointe amháin.

(10 marc)

(iv)

(a) Áirítear iad seo a leanas ar imeachtaí a raibh tréigean Alcibiades mar thoradh orthu: an óráid a thug Nicias, a chomhghinearál, cur síos air mar dhuine leithleach, gáifeach, ag rá go “gcuirfeadh sé an stát i mbaol chun saol iontach a bheith aige féin”. Thosaigh sé ag cur eagla ar dhaoine toisc go raibh an chuma air nach raibh sé go hiomlán normálta agus go raibh sé ag féachaint le deachtóireacht a bhaint amach. Bhain sé úsáid as a chuid airgid chun féachaint le glóir a bhaint amach trí fhoirne carbaid ag na Cluichí Oilimpeacha agus urraíocht cór. Shéan sé smidiríní a dhéanamh den Hermae, ach bheir cineál fiáin a shaoil phríobháidigh suas leis. Agus Alcibiades sa tSicil, sa bhaile, bhí ráflaí á scaipeadh go rábach faoi, agus iad spreagtha ag a naimhdí agus bhí atmaisféar ginearálta histéire ann. Glaodh ar ais air ar deireadh lena chur chun trialach i long a chuir an chathair. Ach taistil sé ina long féin agus chuig sé leis an namhaid, Sparta, chun ionchúiseamh a sheachaint.

Trí chúis. (9, 8, 8.)

(25 marc)

(b) Labhair sé go maith, lena chur ar a luí orthu muinín a bheith acu as (agus a fhreasúra dochloíte dóibh níos luaithe á chur san áireamh). Mhínigh sé gurbh orthusan a bhí an locht mar gur thug siad neamhaird air agus go ndearna siad idirbheartaíocht trína naimhde. Chuir sé i gcuimhne dóibh go ndearna a theaghlach ionadaíocht do leasa na Spartach san Aithin i gcónaí agus dúirt sé go raibh an daonlathas “seafóideach”. Mhaígh sé ar na Spartaigh cuidiú leis na Siciligh i gcoinne na hAithne, ag rá go raibh na hAithnigh ag iarraidh shaol iomlán na Gréige a chloí. Dúirt sé go mbeadh sé ar mhaithe leo féin cuidiú leis an tSicil i gcoinne na nAithneach. Dúirt sé dá dtitfeadh Siorcasús go dtitfeadh an tSicil. Mhaígh sé ar na Spartaigh fórsa hoiplíteach a chur a d'fhéadfadh rámháíocht le ceannasaí maith. D'inis sé do na Spartaigh gurbh é daingniú Decelea an rud ba mhó a raibh eagla ar na hAithnigh roimhe, agus dá réir sin gurbh é sin an rud ba cheart dóibh a dhéanamh, agus an t-airgead ó Laurium a bhaint díobh. Gabhann sé a leithscéal go cliste as a chathair a thréigeadh trína rá gur chaith siad leo go holc agus nach hí a chathair a thuilleadh. Deir sé amhail is go raibh sé dainséarach mar namhaid, go mbeadh sé chomh húsáideach céanna mar chara.

Pointe amháin mínithe. (15.)

(15 mharc)

(c) Is cosúil go ndíreoidh formhór na n-iarrthóirí ar cháilíocht scannalach gan náire ghníomhaíochtaí Alcibiades. Cuirtear droch-chuma air mar gheall ar an dóigh ar raibh sé ag

sásamh na suaite sular imigh sé, eipeasóid Herms agus nuair a chuaigh sé leis an namhaid; tá a míniú leithleach do na Spartaigh faoina thuairim faoin Aithin liom leat; a dhiúltú d'fhoirm dhaonlathach rialtais na hAithne agus é ag maíomh gur chosain sé é agus thar aon ní eile, léiríonn a thoilteanas feall a dhéanamh ar a chathair dá namhaid ar mhaithe le cur chun cinn pearsanta féinmhuinín, sotal agus mídhílseacht dhochreidte. Is féidir leis na hiarrthóirí, ar ndóigh, cuir síos air sin ar bhealach eile, meas a bheith acu ar a mhisneach amach agus amach, a chumhachtaí iontacha áitithe agus a chumas teacht slán. Ba chóir go mbeadh tagairt amháin ar a laghad don téacs ann.

Pointe dearbhaithe amháin. (10.)

(10 marc)

Topaic 2. Alastar Mór.

(i)

(a) Is é comhairle Parmenio fanacht go maidin. Diúltaíonn Alastar sin toisc go gceapann sé go bhfuil sé sin ina chomhairle laige. Ceapann sé go m'fhéidir go gcuideodh sé le meanma na naimhde má bhíonn cuma lag dhrogallach orthu.

Pointe amháin mínithe. (10.)

(10 marc)

(b) Is í an phríomhdhearcracht go bhfuil an namhaid ag fanacht ar an taobh eile d'Abhainn an Granicus. Tá bruacha géara abhann le dul tríothu, agus tá sruth na habhann an-ghasta.

Pointe amháin mínithe. (10.)

(10 marc)

(c) Ba dhóbaire go bhfuair Alastar bás ar an Granicus. Bhí a shleá briste, agus d'iarr sé ceann eile ar cheann dá ghrúmaeirí, ach bhí sleá s'aigeasan briste chomh maith. Thug ceann dá ghardaí cosanta a shleá dó agus d'imigh Alastar go gasta i ndiaidh mhac cleamhnais Darius os comhair Chomrádaithe an Mharcra. Leag sé Mithridates dá chapall, ach bhual Rhoesaces Alastar sa chloigeann lena chlaíomh cuarta, ag gearradh cuid dá chlogad de. Sháigh Alastar a shleá isteach in ucht Rhoesaces, ach d'ardaigh Spithridates a chlaíomh anois taobh thiar de Alexander chun é a mharú. Díreach ag an nóiméad sin, ghearr Cléiteas sciathán a shleá de ag an ngualainn, agus shábháil sé beatha Alastair.

Cur síos gairid. (15.)

(15 mharc)

(d) In Marakanda, tharla bás Chléiteas i ndiaidh oíche mhór ólacháin. Bhí Alastar á mholadh ag Anaxarchus agus daoine eile, ag moladh go raibh sé chomh maith le Dinséas agus Dioscuri agus Earcail fiú. Thosaigh siad ag léiriú dímhéas ar Philib agus bhí seo iomarcach ag Cléiteas a ghlac taobh Philib, chuir sé i gcuimhne do Alexander gur bhain sé gach rud amach a bhuí leis na Macadónaigh agus gurbh é eisean féin a shábháil beatha Alastair ag an Granicus. Thug Alastar iarraidh Cléiteas a ionsú, nuair nach ndéanadh duine ar bith eile é agus rith sé tríd le píce. I leagan eile, tugadh Cléiteas ar shiúl ach rith sé ar ais agus lean sé ag béiceach ar Alexander a

mharaigh ansin é. Rinne Cléiteas a bheag do Alexander a rabhthas á mholadh go mór agus a rabhthas á chur i gcomparáid le hEarcail. Bhí Cléiteas nimhneach faoi oirthearachas Alexander a bhí ag méadú agus i raic ólta, tharraing Alexander buille agus mharaigh sé é.

Cur síos gairid. (15.)

(15 mharc)

(ii)

(a) Ag léigear Dhún na Mallach, bhí Alexander ar mire leis na fir a bhí ag bogadh rómhall chun an dréimire scálaithe a fháil. Bheir sé ar dhréimire é féin agus i dteannta le Peucestas, Leonnatus agus Abreas amháin, rith sé suas faoina sciath agus chuaigh sé suas ar an mballa. Ansin chuir sé cosantóirí de, agus mharaigh sé cuid díobh. Ansin, agus é ag tuiscint go raibh sé ina sprioc, in ionad tarraingt siar, chinn sé go léimfeadh sé isteach sa chathair agus é féin a chur i mbaol an báis. Ach bheadh sé ina bhás oirirce ar a laghad. Léim sé síos lena chairde agus lean sé air ag troid ach bualadh san ucht é le saighead, tháinig aer agus fuil amach. Thit sé i laige agus bhí a fhir féin thart air ansin. Bhris cuid eile díobh an dréimire agus bhí siad chomh géibheannach sin chun é a tharrtháil. Ar deireadh baineadh ar shiúl é agus bhain Peucestas an tsaighead. Throid a chuid fear go fíochmhar chun é a tharrtháil agus é a thabhairt chun sábháilteachta.

Cur síos comhleanúnach ar an gcath. (14, 13, 13.)

(40 marc)

(b) Taispeánann an gníomh meargánta tobann sin nach dtiocfadh le Alexander, ar cheart dó a shábháilteacht féin a chinntiú, ábalta diúltú don seans éacht a dhéanamh. Cé gurbh léir nach hé a ról a bheatha a chur i mbaol ar bhealach chomh míchúramach sin, bhí sé spreagtha le dul san iomaíocht agus go n-éireodh leis. Rinne a chuid fear an-cháineadh faoin méid a rinne sé le linn an léigir seo ach ba mhór an faoiseamh dóibh nuair a thuig siad go raibh sé ceart go leor.

Pointe forbartha amháin. (10.)

(10 marc)

(iii)

D'fhéadfadh Alexander a bhealach ar ais go Bablóin a athrianú, ach ba léir nach dtaitneodh sin leis. Bhíodh sé ag iarraidh críocha nua a chur faoi smacht i gcónaí. De réir Arrain, bhíodh Alexander ag iarraidh déanamh níos fearr ná Rí na Cipire agus an Bhanríon Semiramis, ar thrasnaigh an bheirt acu Fásach na Geadróisia san am a chuaigh thart, ach chaill siad beagnach iomlán a n-arm. Bhí a fhios ag Alexander na deacrachtaí a bhí i gceist ach shíl sé go bhféadfadh sé iad a thuar agus a shárú. D'fhéadfadh sé gurbh é an mórspreagadh an mhian bealaí nua a iniúchadh agus rud é nach ndearna aon duine riamh a dhéanamh. D'fhéadfadh sé gurbh bhealach a bhí ann chomh maith le pionós a chur ar a chuid fear as ceannairc a dhéanamh ag Abhainn Hyphasis ach níl ann sin ach fíorbhuille faoi thuairim.

Cúis amháin mínithe. (10.)

(10 marc)

(b) Ba chinnte gurbh é ceann de na trialacha ba mhó i ngairm Alexander fiú má bhí figiúir na dtaismeach áibhéalach. Tugann Airrianas cuntas grafach faoi na huafáis a tharla. Áirítear orthu

sin: teagmháil leis an gcabhlach a chailleadh; b'éigean a lán den turas a dhéanamh san oíche mar gheall ar theas scallta; easpa uafásach soláthairtí agus, go háirithe, easpa uisce; b'éigean do na fir soláthairtí a oscailt go mídhleathach agus b'éigean dóibh fiú ainmhithe iompair a mharú agus a ithe. Ní fhéadfaí an teas a fhulaing agus mharaigh sé ainmhithe chomh maith le fir. Fágadh daoine tinne agus traochta chun bás a fháil. Bhí an páirtí ar fad caillte ar feadh mórán laethanta. Mharaigh tulcaí líon mór.

Cur síos déanta ar thrí dheacracht. (9, 8, 8.)

(25 marc)

(c) Áirítear ar cháilíochtaí ceannaireachta Alastair a thaispeántar san eipeasóid seo an neamhshuim a rinne sé de na fir agus iad ag marú agus ag ithe ainmhithe iompair, an maithiúnas a thug sé dóibh as cuid de na lóid a bhí á n-iompair acu a chaitheadh uathu agus go háirithe an t-uisce a dhoirt sé amach as an gclogad go drámatúil, ag rá más rud é nárbh fhéidir leis an arm uisce ól, nach gcaithfeadh seisean uisce a ól ach an oiread, rud a bhí spreagúil.

Dhá cháilíocht. (8, 7.)

(15 mharc)

(iv)

Ba é Pilib athair Alastair, Rí na Macadóine, cruthaitheoir an airm ghairmiúil a sholáthair cuid mhaith de rath Alastair. Fuair sé an bua ar threibheanna chnoc Illyrian agus chuimsigh sé isteach sa Mhacadóin iad; fuair sé an bua ar na hAithnigh agus ar an Téibh ag Chaeronea ina ndearna sé an ceann ar Chomrádaithe an Mharcra d'Alastair. Bhí an-fhuath ag Déamastainéas air. Bhí Pilib thar a bheith bródúil as a mhac. Thug sé an fealsamh ab fhearr sa Ghréig, Aristotle, dó mar theagascóir. Nuair a chiúnaigh sé Bucephalus, dúirt sé nach mbeadh an Mhacadóin mór go leor dó, cheap sé é mar leasrí nuair a bhíodh sé ar shiúl. Phós sé Oilimpias (máthair Alastair) agus chuir sé ar leataobh í ina dhiaidh sin do Chléópatra. Bhí raic mhór aige féin agus Alastair ag an mbainis sin. Níos déanaí, ag bainis a iníne, feallmharaíodh é. Bhí turas chun an oirthir pleanáilte aige. Níos déanaí, bhí an chuma air gur éiligh Alastair gurbh é Zeus Ammon a athair, ach níor shéan sé riamh gur Pilib a athair agus labhair sé go bródúil as ag ceannairc Opis.

Trí phointe. (9, 8, 8.)

(25 marc)

Bucephalus: Capall Alastair, dubh le splanc i gcruth daimh, a thairg déileálaí Thessalian do Philib ar thrí thallann déag. Níorbh fhéidir le haon duine an capall a cheansú, ach dúirt Alastair, agus é ina bhuachaill go díreach, go ndéanfadh sé iarracht dá dtabharfadh Pilib an capall dó. Chonaic sé go raibh an capall an-scanfar agus d'éirigh leis é a cheansú. Dúirt Pilib go mbeadh ríochtaí nua de dhíth air, nach mbeadh an Mhacadóin mór go leor dó. Bhagairt Alastair ina dhiaidh sin go maródh sé treibh iomlán dá bhfuadófaí an capall in Bactria. Tugadh an capall ar ais. Fuair an capall bás i ndiaidh Chath an Hídeaspas.

Trí phointe. (9, 8, 8.)

(25 marc)

Ba é Porús rí an-ard réigiún Punjab agus an cath an chéile comhraic i gcath deireanach Alastair ag Hypaspes. D'fhan sé le hAlastar ar an taobh eile de bhruach na habhann agus bhuail Alastar bob air trí thorann a dhéanamh feadh bhruach na habhann. Maraíodh a mac sa chéad scirmis. Sa chath, fuair Alastar bua ar Porus a raibh dhá chéad eilifint ar a thaobh, trí úsáid iontach a bhaint as a fhalang agus as a mharcra. Nuair a d'imigh Taxiles chun é a fháil, ní thiocfadh Porus, a bhí gortaithe go holc anois. Ach chuir Alastar duine éigin eile agus nuair a tháinig Porus, chuir sé ceist air conas ar mian leis go gcaithfí leis. D'fhreagair Porus gur mian leis go gcaithfí leis mar a bheadh rí ann. Thug Alastar a ríocht ar ais dó agus leathnaigh sé í fiú.

Trí phointe. (9, 8, 8.)

(25 marc)

Dhá cheann ar bith díobh sin thuas.

(50 marc)

Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i)

(a) Ba é Romalas, agus a dheartháir Remus, bunaitheoir chathair na Róimhe. Agus é de shliocht Mhars agus na Véineas, tógtha ag mac tíre, mharaigh sé a dheartháir in argóint.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(b) Cuireann Cicearó síos ar an tslándáil a bhí á soláthar istigh faoin tír i gcomparáid leis an gcósta, a bhfuil go leor contúirtí ag baint leis, cuid acu nach féidir a thuar. Is féidir le cabhlach na naimhde teacht go gasta agus mar sin tá sé níos deacra an fharraige a chosaint ná mar atá cathair intíre. Luann sé na contúirtí do bhásmhaireacht na gcathracha cósta. Le smaointe agus nósanna eachtracha saobhtar na traidisiúin náisiúnta agus tugtar smaointe do dhaoine a d'fhéadfadh iad a dhéanamh míshásta leis an méid atá acu. Chuirfeadh cathair chósta neart cathaithe ort i dtaobh falsachta agus sómais. Tugann sé sampla de na bailte ar oileáin na Gréige a bhfuil a n-institiúidí agus a moráltachtaí conspóideach.

Dhá chúis. (10, 10.)

(20 marc)

(c) De réir Chicearó, roghnaigh Romalas áit ina raibh na buntáistí ar fad a bhain leis an bhfarraige tríd an Róimh ar chur ar bhruacha abhann ar a raibh inbhear leathan, an Tibir. D'éascaigh sé sin trádáil. Is féidir leis an Róimh soláthairtí fíorthábhachtacha a fháil ó istigh faoin tír tír chomh maith. Ó dhearcadh cosanta de, is cosaint nádúrtha iontach iad cnoic na Róimhe ar ionsaí. Is láithreán an-sláintiúil é chomh maith ina bhfuil toibreacha úra, scáthanna agus siorraí.

Dhá phointe. (10, 10.)

(20 marc)

(ii)

(a) Déanann Sallust cur síos ar an mbeirt fear mar shamplaí iontacha de bhua na Róimhe i ndeishbhéalaí agus mórgacht an anama, ach ar bhealaí éagsúla. Díríonn sé ar mhacántacht Cható, ar a ionraic agus ar a shlí mhaireachtála mhacánta chadránta. Deir sé nár ísligh sé é féin riamh is go nglacadh sé breab agus go raibh sé dílis ina mhoráltachtaí. Bhí Cató ina mháistir ar fhéinsmacht agus bhí sé iomaíoch chun rudaí maithe a dhéanamh amháin, ní mar gheall ar shaibhreas nó ar chumhacht. B'fhearr leis "bheith macánta ná cuma mhacánta a bheith air." Deir sé dá lú a lorg sé clú agus cáil, is ea is mó a lean sé é. Tugann sé nádúr maith, flaithiúlacht agus comhbhá shéimh Caesar chun suntais, "ag tabhairt, ag cuidiú agus ag tabhairt maithiúnais". Labhraíonn sé faoi fhéinsmacht Caesar san obair agus nár ghlac sé mórán scíthe agus a dhúthracht do leas a chairde. Labhraíonn sé faoina uaillmhian chíocrach lena ndearnadh carachtar an-difriúil de i gcomparáid le Cató. "Bhí duine acu ina thearmann do dhaoine mí-ámharacha, agus an duine eile ina sciúirse do dhrochdhaoine."

Trí phointe. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Tá bás Cható suntasach mar gheall go príomha gurbh fhearr leis a lámh a chur ina bhás féin seachas ligean do féin géilleadh do Caesar. Dúirt Caesar ina dhiaidh sin gur olc air féinmharú Cható agus go ligfeadh sé a bheo leis.

Pointe amháin. (15)

(15 mharc)

(iii)

(a) Thosaigh lá deireanach Caesar lena bhean chéile, Calpurnia, ag insint dó go raibh drochbhrionglóid aici faoi. I rith na hoíche cheana féin, d'oscail doirse agus fuinneoga uile an tí de phreab. Thug fear feasa rabhadh dó chomh maith faoin lá faoi leith sin, Íodh Mhárta. Ba í an bhrionglóid gur séideadh ornáid bhinne a thug an Seanaid do Caesar síos agus gur briseadh ina ghiotaí é. Deir daoine eile gurbh í an bhrionglóid a bhí aici go raibh a fear céile dúnmharaithe ina lámha aici. D'impigh sí air gan dul chuig an Seanad agus nuair a tacaíodh leis sin le tuartha na bhfear feasa, d'aontaigh sé nach rachadh sé. Ach ansin tháinig cuid de na comhchealgairí agus chuir siad ina luí air dul ann trína insint dó go mbeadh droch-chuma air dá mbeadh sé treoraithe ag brionglóidí a mhná céile agus go raibh an Seanad ar tí ríogacht na gcúigí a bhronnadh air. Ar a laghad, a dúirt Brutus Albinus, ba cheart dó dul chuig an Seanad agus a leithscéal a ghabháil go pearsanta. Theip ar dhá iarracht (ceann a rinne sclábhaí agus ceann a rinne Artemidorus) eolas a fháil faoin bplota. Coinníodh Antaine ag caint taobh amuigh agus na comhchealgairí ag bailiú thart ar Caesar ar an gcúinse go ndéanfaí deartháir Tullius Cimber a athghairm ó dheoraíocht. Ghabh Tullius toga Casaer agus tharraing sé anuas é, tharraing Casca an chéad dorn agus ghlac siad go léir páirt ann ansin. Deirtear gur throid Casaer go cróga go dtí gur sháigh Brutus sa bhléin é agus ghéill sé ansin. Thit sé ag bun na deilbhe de Phoimpéas.

Cuntas comhleanúnach. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Ba iad na cúiseanna lena bhfeallmharú, ar an gcéad dul síos cheap Brutus agus daoine eile, mar gheall ar a uaillmhian bheith ina rí, go raibh an Phoblacht á cur i mbaol aige agus chaithfí fáil réidh leis. Bhí éad ar dhaoine eile faoina rath agus ní raibh dúil acu ann go pearsanta.

Dhá chúis. (8,7.)

(15 mharc)

(iv)

Is cosúil go ndéarfadh iarrthóirí gur bhain siad sult as na dánta. I measc na gcúiseanna a bhféadfadh a bheith leis tá a ionracas agus doimhneacht an mhothúcháin a cuireadh in iúl sna dánta grá agus na cinn a chuir brón nó méala in iúl. D'fhéadfadh Cattullus a bheith taitneamhach freisin mar gheall ar a léiriú dian ar fhulaingt agus ar phian. Feictear an filí mar dheartháir maith agus cara cineálta tuisceanach. Cheapfa gur carachtar an-phléisiúrtha é agus gurbh éasca é a thuiscint. Tá na téamaí a bpléann sé leo uilíoch agus ní bhaineann siad leis an tSean-Róimh amháin. Is file é ag a bhfuil nádúr maith agus atá an-mhacánta a dtéann a dhánta i bhfeidhm ar fhormhór na ndaoine. Tá sé éasca a chuid filíochta a rochtain agus a thuiscint. Bí ag súil le tagairtí do dhánta sonracha ar an gcúrsa.

Trí dhán le plé leo. (17, 17, 16.)

(50 marc)

Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i)

(a) Deir Séatóínias go bhfuair Ágastas an t-ainm ina óige mar dhéantóir coire “gníomhartha gan náire”. Dhírigh an lucht éisteachta/féachana air san amharclann nuair a úsáideadh an focal “mínáireach” sa dráma, rud a thug le fios go raibh cáil aige as bheith ag cliúsaíocht i measc an phobail. Fiú nár shéan a chairde go raibh sé tugtha don adhaltranas, cé gur éiligh siad go raibh sé chun tairbhe pholaitiúil, ionas go bhféadfadh sé rúin a naimhde a fháil amach. Luadh Antaine a theagmháil le Livia ar bhuail sé léi nuair a bhí sí ag iompar clainne lena fear chéile ag an am sin. D’eagraigh sé colscaradh gasta agus phós sé í é féin. Chuir Antaine ina leith chomh maith gur thug sé bean chéile iarchonsail chun na leapa ó chóisir dhinnéir agus gur thug sé ar ais í agus í trína chéile. Nuair a bhí Antaine á chosaint féin mar gheall ar a chaidreamh le Cléópatra, luann sé na mná ar fad ar dócha go raibh gnéas ag Agastas leo ach nach raibh sé i dtrioblóid mar gheall orthu. Bhí scéalta ag dul thart go raibh grionnfhiosrú á dhéanamh ag cairde Agastas ar mhná dó amhail is gur sclábhaithe ag margaidh iad. Bhí cuntas ann freisin faoi chóisir dhinnéir mhór ina raibh na haíonna ar fad gléasta mar dhéithe Oilimpeacha agus go ndearna Agastas, agus é gléasta mar Apalló, gníomhartha drabhláis.

Trí phíosa fianaise mínithe. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Ba cheart go mbeadh na hiarrthóirí ábalta breac-chuntas a thabhairt ar an dóigh ar caitheamh le Julia, ach a dtuairim féin a thabhairt chomh maith faoi cé acu an raibh an dóigh ar caitheamh léi ródhian nó nach raibh. Ba í Julia iníon Agastas agus ba í Scribonia a chéad bhean chéile. Ba fhichillín í ar chleasaíocht pholaitiúil a hathar. Ba é Agastas a d’eagraigh a cleamhnais agus a pósadh, a chríochnaigh lena pósadh ar a mhac uchtaithe, Tiberius. Níor éirigh leis an bpósadh. Bhí saol sóisialta fiáin ag Julia, agus bá bhreá léi dul ar ragairne agus bhí a lán leannán aici. D’fheictí go minic í i measc an phobail agus í ólta agus bhíodh a lán leannán aici. Sa bhliain 2 R.Ch., nuair a bhí an chúlchaint ag imeacht ó smacht an oiread sin is nach dtiocfadh le hAgastas neamhshuim a dhéanamh de, chinn sé sampla a dhéanamh di i measc mhná uile na Róimhe. Cuireadh ar deoraíocht í go Pandateria i Murascaill Napoli. Ní raibh cead ag fir ar bith cuairt a thabhairt uirthi choíche, agus bhíodh sí faoi gharda i gcónaí. Ní raibh cead aici filleadh ar an Róimh choíche. Cuirtear síos ar an dóigh ar chaith Agastas le Julia mar dhian agus mínádúrtha toisc go raibh a pionós an-dian. Mar sin féin, chuaigh sí i gcoinne a phrionsabal luaite ionracais mhorálta go mór, agus ba léir gur cheap sé go ndéanfaí a iarracht na caighdeáin mhorálta sheanaimseartha mhaithe a thabhairt ar ais sa chathair lag mura ndéanadh sé sampla di.

Pointe dearbhaithe amháin. (15.)

(15 mharc)

(ii)

(a) Áiríodh ar chasaoidí na bhfear fearg na dtrúpaí mar gheall ar a mainneachtain an pá a bhí dlite dóibh a íoc, caitheamh brúidiúil ag na hoifigigh; fad seirbhíse rófhada agus nár fuasclaíodh iad nuair ba chóir iad a fhuascailt. Bhí éad ann chomh maith leis na Gardaí Praetorian, a raibh a bpá agus a ndálaí i bhfad níos fearr. Cheap siad freisin go raibh an tír a raibh seirbhís á déanamh acu di dian agus iargúlta. D’éiligh siad téarma seirbhíse sé bliana déag le bónaís ag an deireadh, pá ceithre sesterce in aghaidh an lae agus gan glao ar ais chun seirbhíse nuair a fhuasclófaí iad. Bhíothas leis na pionóis a mhaolú agus an obair a dhéanamh níos fusa.

Cur síos déanta ar thrí dháil. (9, 8, 8.)

(25 marc)

(b) In Pannonia, léigh Drusus, mac le Tiberius litir óna athair ar dtús ina raibh roinnt lamháltas á mbronnadh acu ina gcuireadh cuid díobh siar freisin. Níor shásaigh sin na ceannaircigh. Mar sin féin mar gheall ar an gcuma aisteach a bhí ar an ngealach an oíche sin shíl na fir “go raibh déistin ar na flaithis lena gcoireanna”. Bhain Drusus leas as an imeacht ádhúil chun an bonn a bhaint ó aontacht na saighdiúirí agus lena chur ina luí orthu géilleadh don údarás. Gheall sé go gcuirfeadh sé toscaireacht chun na Róimhe agus go molfadh sé éifeacht fhabhrach don impire. Lean sé le cur chun báis na gceann feadhna.

In Germania, mhaígh Gearmánacas ar na fir filleadh ar an smacht cuí. Bhí a lán tacaíochta aige ina measc, ach nuair a theip air sin, ghníomhaigh sé amhail is go raibh sé ag dul a mharú féin lena chlaíomh, thug a chairde ar ais go dtí a phuball é. Gheall sé fuascailt i ndiaidh fiche bliain agus an cheithre bhliain dheireanacha ar dhualgais chosanta amháin agus bónaís dhúbailte. Bhí

ag Germanicus é a íoc as a chuid airgid féin. Ar deireadh thiar thall, rinne Germanicus achainí dheaslabhartha leis na fir agus thiontaigh siad ar chinn fheadhna an mharcra agus mharaigh siad iad.

Dhá phointe le haghaidh iarrachtaí gach fir. (7, 6, 6, 6.)

(25 marc)

(iii)

Ba í Cléópatra banríon na hÉigipte agus bhí caidreamh seachphósta aici le Iúil Caesar cheana. Nuair a thaistil Marcas Antaine chun na hÉigipte nuair a bhí smacht roinnte aigesean agus ag Agastas ar an Impire, tháinig sé féin agus Cléópatra le chéile agus bhí siad ina leannáin i rith an gheimhridh in 41-40 R.Ch. Ach anois, agus é ar ais sa Róimh, bhí Antaine pósta ar dheirfiúr Agastas, Octavia, chun an chomhghuaillíocht idir an dá fhear a neartú. Ach bhí teannas ann anois agus Octavia ag iompar clainne anois, chuaigh Antaine in éineacht le Cléópatra in Alexandria arís. Ar ais sa Róimh, idir an dá linn, bhí feachtas bolscaireachta an-rathúil á reáchtáil ag Octáiviánas i gcoinne Antaine, inar cuireadh béim ar mhímhoráltacht agus ar fheall a chaidrimh le Cléópatra. I ndiaidh feachtas nua ní ba rathúla i gcoinne na bPairtiach, d'fhógair Antaine deireadh na haontachta le hOctáiviánas in Alexandria. Bhí cogadh cathartha dosheachanta anois. Chríochnaigh sé sin le Cath Aictiam. Ba thubaiste é d'Antaine agus do Chléópatra, a d'éalaigh chun na hÉigipte, ach chuaigh Octáiviánas ar a dtóir. Chuir Antaine lámh ina bhás féin ar deireadh ag creidiúint go mícheart go ndearna Cléópatra é sin cheana. Mharaigh sí í féin ansin agus í i ngéibheann nuair a chuala sí faoi bhás a leannáin.

Trí phointe. (9, 8, 8.)

(25 marc)

Ba í Livia dara bean chéile Agastas. Fuair Agastas colscaradh óna chéad bhean chéile agus phós sé Livia a bhí ag iompar clainne agus a bhí i ndiaidh colscaradh a fháil. Bhí beirt mhac aici, Drusus agus Tiberius. Rinne Agastas a mhór den saol baile traidisiúnta a chruthaigh sí féin agus Agastas, lena n-áirítear gur fhí sí a chuid éadaí de láimh. Nuair a fuair sé bás, fuair sé aon trian dá eastát agus an 'Agastas' beag le hoidhreacht. Dúradh go raibh Agastas "faoina smacht dian". Tugann Tacitus le fios fiú go mb'fhéidir go raibh páirt aici i mbás Agastas. Nuair a d'fhág Tiberius an Róimh le dul chuig Ródas, d'oibrigh Livia go crua lena chur ina luí ar Agastas ligean dó filleadh ar an gcathair. D'oibrigh sé go rathúil freisin ionas go n-uchtódh Agastas Tiberius mar a mhac. Tugtar blas éigin gur ordaigh Livia an deoraíocht agus ina dhiaidh sin gur ordaigh sí cur chun báis Agrippa Postumus ar bhás Agastas. Bhí droch-chaidreamh idir an mháthair agus a mac agus bhí sé mar sin go dtí go bhfuair sí bás.

Trí phointe. (9, 8, 8.)

(25 marc)

Bhí Marcas Antaine ina dhlúthchara de chuid Iúil Caesar. Bhí an chuma air gurbh é an príomhbhunúdar san iarracht Casaer a chorónú mar rí na Róimhe. Coinníodh amach as an mbealach é an lá a feallmharaíodh Casaer ionas nach gcuirfeadh sé cosc air. Thug sé óráid dhíograiseach ag a shochraid. Bhí teannas mór idir Antaine agus Octáiviánas, a bhfuarthas réiteach air le cuidiú ó phósadh Antaine ar dheirfiúr Octáiviánas. In éineacht le hOctáiviánas agus Lepidus, chruthaigh

sé an Dara Triúracht. Bhuaigh siad feallmharfóirí Iúil Caesar ag Chath Philipe. Bhí sé freagrach as bás a shean-naimhde, Cicearó. Roinn an bheirt fear an smacht ar chríocha na Róimhe eatarthu. Fuair Antaine go dtí an Éigipt agus bhí caidreamh rómánsúil aige le Cléopatra, rud a raibh míghnaoi air sa Róimh. Fuair Octáiviánas an bua air féin agus ar Cleopatra ag Cath Aictiam i ndiaidh dóibh a lámh a chur ina mbás féin mar b'eol do chách.

Trí phointe. (9, 8, 8.)

(25 marc)

Dhá cheann ar bith díobh sin thuas.

(50 marc)

(iv)

(a) Tugadh rabhadh do Tiberus faoi uailmhianta Séánas go bhfaighidh Antaine cumhacht iomlán. Chun amhras a mhaolú, cheap sé Séánas mar chonsal. Thug Tiberius ar Shéánas a chreidiúint ansin go bpósfadh sé bean as an teaghlach impriúil agus go ndéanfaí treabhann de. Tugadh ordú faoi rún do Macro ceannas a ghlacadh ar na cohóirt Praetorian. Ansin chuir Tiberius feall Shéánas in iúl don seanad. Cháin siad Séánas agus cuireadh chun báis é.

Cuntas comhleanúnach. (9, 8, 8.)

(25 marc)

(b) Bhí pearsantacht dhorcha ghránna ag Tiberius. Ní raibh gaol ar bith ag daoine leis. Bhí olc ann, rud a chiallaigh nár mheall sé tóir trí chluichí agus siamsaíocht a chur ar siúl. Bhíodh sé ar shiúl as an Róimh ar feadh tréimhsí fada agus ní dhéanadh sé iarracht daoine a mhealladh. Caithfidh gur scaipeadh scéalta faoina shaol príobháideach drabhlásach ar fud na Róimhe. Is iad na príomheipeasóidí a chuir le nach raibh tóir air eipeasóid Germanicus, éirí agus titim Shéánas agus na Trialacha Tréasa míchlúiteacha a raibh réim uafáis na himpireachta mar thoradh orthu.

Dhá chúis. (13, 12.)

(25 marc)

Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i)

(a) Tháinig Créón, Rí Choraint, chuig Méidé, a thugann ordú di an chathair a fhágáil lena páistí láithreach. Baineann Méidé, agus í ag meallta ag a nádúr cineálta, leas as a dímrí féin mar bhean agus a ghean mar thuismitheoir. Cuireann sí ina luí ar Chréón lá amháin díreach a thabhairt di i gCoraint chun na buachaillí a eagrú. D'ainneoin a bharúla ar an gceist, géilleadh sé di.

Buaileann Méidé le Aegeus, Rí na hAithne, ar a bhealach as Deilfe. Bhí sé ar bís le páistí a bheith aige agus iarrann sé comhairle uirthi. Deir sí gur féidir léi cuidiú leis agus iarrann sé dídean air ina chathair. Cuireann sí ina luí air go cliste gealltanais a dhéanamh go dtabharfadh sé tearmann di nuair fhágfaidh sé an Choraint.

Nuair a bhí siad le chéile an dara huair, cuireann Méidé ina luí ar losán go bhfuil sí buartha faoina freagairtí agus cuireann sé béim air, mar bhean, nach raibh smacht aici ar a mothúcháin. Tugann sí air ligeann do na buachaillí bronnantas a thabhairt do Glaucé lena cás go bhféadfadh siad fanacht sa chathair a dhéanamh níos éasca, ag rá gur mian leis na déithe bronnantas a fháil. Is gúna agus caidhp nithe iad ár ndóigh.

Sampla amháin d'ionramháil gach fir. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na gcúiseanna go raibh Méidé suimiúil: a hintleacht; a mothúcháin dhrámatúla; a guagacht giúmair; a cumhachtaí draíochta; a cumhachtaí cealgaireachta; a cumas le haghaidh olcais; neart a méine díoltas a bhaint amach; a neamhthrócaire. Bheadh ar iarrthóirí samplaí a thabhairt de dhá cheann díobh sin ar a laghad.

Dhá chúis. (8, 7.)

(15 mharc)

(ii)

(a) Tá an phríomhchúis nach bhfuil muinín ag locasta as oracail agus as tairngreachtaí mar gheall ar a heispéireas féin. Creideann locasta go bhfuil cruthúnas aici nach raibh na tairngreachtaí bailí. Nuair a bhí mac aici, tuaradh go maródh an páiste Laius, a athair. Mar thoradh air sin, tugadh an páiste ar láimh le bás a fháil. Ach mar a mhíníonn locasta, ba é drong gadaithe a mharaigh Laius ag croisbhealaí. Dá réir sin, níor fóraíodh an tairngreacht, faoi mar a chreid sí. Mar sin, deir sí go bhfuil an saol bunaithe ar sheans agus nach mbaineann oracail nó na tairngreachtaí leis.

Dhá chúis agus iad mínithe. (13, 12.)

(25 marc)

(b) Sula bhfaigheann Éideapús an fhírinne uafásach amach maidir leis an gcás, brostaíonn locasta go dtí an pálás. Níorbh fhéidir léi aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne atáthar ar tí a insint. Nuair a thuigeann Éideapús cé hí féin, téann sé ina diaidh, ag tarraing a chlaímh agus ag bualadh an dorais. Tá an chuma air go bhfuil sé ag iarraidh í a mharú. Ach nuair a théann sé isteach sa seomra, feiceann sé gur chroch sí í féin os cionn a leapa. Tarraingíonn sé anuas go séimh í agus luíonn sé ar an leaba í. Agus a bróistí a mbaint aige, scrabhann sé a shúile féin amach.

Cur síos gairid ar a bás agus ar a ghortuithe. (13, 12.)

(25 marc)

(iii)

(a) D'fhéadfadh na hiarrthóirí an tuairim a ghlacadh go ndearna losán mionn os comhair na ndéithe go bpósfadh sé Méidé agus go bhfanfaidh sé dílis agus anois tá an mionn sin briste aige, mar sin tá a chinniúint tuillte aige. Chaith sé go holc léi, á tréigeadh le haghaidh bean nua, in ainneoin a dílseachta. Níor mhiste leis fiú go rabhthas chun ise agus a bheirt mhac a chur ar deoraíocht. Bhí a chur chun cinn i bhfad níos tábhachtaí dó ná mar a bhí a theaghlach agus d'fheil sé dó dearmad a dhéanamh ar an mionn, cé gur chuidigh Méidé leis Lomra an Óir a fháil

agus gur íobair sí gach rud dó. Tá sé sotalach, féinchúiseach agus míchúramach i leith mothúcháin daoine eile. Tá sé somheallta agus measann sé Méidé go mór faoina luach. Mar rogha eile, d'fhéadfadh sé go n-áiteodh na hiarrthóirí gur chaith lasón go holc le Méidé agus gur bhris sé mionn, ach nach mbeadh an díoltas uafásach a d'imir Méidé air tuillte ag duine ar bith. Cé go raibh an locht airsean, bhí an pionós as miosúr i gcomparáid leis an gcoir. Tá ceachtar den dá dhearcadh ceart go leor fad is go bhfuil sé tacaíthe ag tagairtí don téacs.

Trí phointe. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Féadfaidh iarrthóirí argóint a dhéanamh ar cheachtar bealach maidir leis sin. Ar lámh amháin, níl sé deacair trua a bheith agat d'athair nach bhfuil cead aige a lámh a leagan fiú ar choirp a pháistí marbha, tá sé truacánta ag an deireadh, go háirithe mar go dtuigeann sé an méid geana atá aige orthu anois, fiú má tá sé go mall. Mura bhfuil, d'fhéadfadh duine a argóint go raibh a chinniúint uafásach mar gheall ar a uaillmhianta féin agus ar an drochíde a thug sé do Mhéidé.

Dhá chúis. (8, 7.)

(15 mharc)

(iv)

(a) Rinne Rí na Téibhe d'Éideapús nuair, i ndiaidh dó cuairt a thabhairt ar Dheilfe agus tairngreacht mhillteanach a chloisteáil, nár fhill sé ar an gCoraint ach go ndeachaigh sé bealach eile. Ar an mbealach, mharaigh sé Laius ag áit ina dtagann trí bhóthar le chéile. Nuair a shroich sé an Téibh, bhí an chathair cráite leis an Sfioncs dúcheiste. Bhí bás fir óig amháin gach lá mar thoradh ar an Sfioncs go dtí gur réitíodh a dúcheist. Dúirt Éideapús go réiteodh sé an dúcheist agus d'éirigh leis. Bhí muintir na Téibhe chomh buíoch sin go ndearna siad a rí de, agus phós sé locasta, baintreach mná Laius.

Trí phointe míniúcháin. (9, 8, 8.)

(25 marc)

(b) Ó thosach an dráma, ba é Éideapús ionadaí athar a mhuintire. Is léir a ngean orthu, ní féidir leis codladh mar gheall go bhfuil sé buartha fúthu agus chuir sé Créon chuig Deilfe cheana chun an plá mistéire a réiteach. Tá sé cineálta leis an seansagart. Ba mhaith leis gach rud a phlé os comhair a mhuintire agus níl rud ar bith ann nach ndéanfadh sé chun fáil réidh leis an bplá. Tá an-mheas ag na saoránaigh air agus ceapann siad go bhfuil sé ina shaoi i measc fear, ag cur a muinín ar fad ann, toisc gur tharrtháil sé ar thrioblóid iad roimhe seo. D'fhéadfadh iarrthóirí a argóint, cé go raibh iarracht á déanamh aige bheith ina rí maith, gur chuir sé mí-ádh mór orthu.

Dhá phointe dearbhaithe. (13, 12.)

(25 marc)

Topaic 6. An Epic Ársa.

(i)

(a) I ndiaidh d'Aeólas mála na ngaoth a thabhairt d'Odaiseas, bhí siad ag seoladh ar ais go hlotaca, nuair a bhí an t-oileán le feiceáil acu, thit Odaiseas ina chodladh. Ní raibh muinín iomlán ag na fir as Odaiseas agus shamhlaigh siad go bhfuair sé bronntanas ó Aeólas a bhí sé ag ceilt orthu. D'oscail siad an mála, ag scaoileadh na gaotha, agus séideadh an bád ar ais go dtí an tSicil. Nuair a d'fhill siad ar Aeólas, bhí an-fhearg air leo agus cheap sé nach raibh na déithe ina bhfabhar, mar sin chuir sé chun bealaí iad le dada.

Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10.)

(30 marc)

(b) D'fhéadfadh iarrthóirí a rá go raibh an locht ar Odaiseas toisc nach raibh go leor muiníne aige as na fir agus go n-inseodh sé dóibh faoi cad a bhí sa mhála agus cheilt sé orthu é. Bhí sé amaideach titim gur thit sé ina chodladh agus an mála gan chosaint. Mar rogha eile, d'fhéadfadh siad a rá go raibh an locht ar na fir as an mála a oscailt nuair nár cheart dóibh agus na gaotha a ligean amach. Ba chóir go mbeadh muinín ag na fir ina cheannasaí. Chomh maith leis sin, bheadh sé go breá dóibh a rá go raibh an locht orthu ar fad.

Dhá chúis. (10, 10.)

(20 marc)

(ii)

(a) Thug Véineas ar Dhíodó titim i ngrá le hAeínéas toisc nach raibh muinín aici go gcaithfeadh sí chomh maith le hAeínéas. Iarrann Véineas ar a mac, Cúipid, é féin a chur faoi bhréagriocht Iulus/Ascanius. Tugann sí an buachaill amach faoi cheilt agus tagann Cúipid ina ionad ag féasta ina ndéanann sé draíocht ghrá a análú, rud a thug ar Dhíodó titim i ngrá le hAeínéas.

Cuntas comhleanúnach. (7, 7, 6.)

(20 marc)

(b) Bhí Díodó ina banríon ar Carthage, an chathair ab fhearr le Juno. Bhí eagla ar Véineas go bhfaighidh Juno Díodó agus go dtabharfadh sé uirthi dochar a dhéanamh d'Aeínéas. Ionas nach gcuirfeadh Juno Díodó i gcoinne Aeínéas, thug an bhandé uirthi titim i ngrá leis chun nach ndéanadh sé dochar dó.

Pointe amháin míniúcháin. (15.)

(15 mharc)

(c) Fágann Aeínéas Díodó mar gur fear ag a bhfuil misean é. Cuireann Mearcair, a chuir lúpatar, a neamairt dualgais i gcuimhne dó. Tá dualgas le Cinniúint aige agus lena mhac féin. Tá a fhios aige gurb í a chinniúint teach nua a fháil do na Traígh san Iodáil agus go gcaithfeadh sé bheith umhal do na déithe agus imeacht.

Pointe amháin míniúcháin. (15.)

(15 mharc)

(iii)

(a) Tosaíonn an Cath sa Halla nuair a éiríonn le hOdaiséas sreang a chur leis an mbogha agus an tsaighead a scaoileadh trí na tuanna. Sula dtuigeann na suirígh cad atá ag tarlú, scaoileann Odaiséas an dara saighead trí scornach Antinous. Tá mearbhall ar na suirígh agus creideann siad gurbh thimpiste a bhí sa scaoileadh sin. Nochtann Odaiséas é féin ar deireadh, agus tagann an-eagla ar na suirígh. Níl bealach ar bith amach acu mar go bhfuil na doirse faoi ghlas. Déanann Eurymachus iarracht Odaiséas a shocrú, ag éileamh gurbh é Antinous an t-aon drochdhuine ina measc, ach fógraíonn Odaiséas nach ligfidh sé a bheo le duine ar bith acu. Tugann Eurymachus ruathar faoi Odaiséas ansin, agus gearrann saighead eile anuas é. Ba é Amphinomus an chéad duine eile a thit, le sleá Telemachus. Faigheann Telemachus tuilleadh sciath agus claimhte ón stóras, ach déanann sé dearmad é a chur faoi ghlas ar a bhealach amach. Ní raibh sé i bhfad sular shroich Melanthius an stóras agus go bhfaigheann sé airm úra amach do na suirígh ach faightear ansin níos déanaí é agus é ceangailte. Tá cogadh dearg i halla an pháláis anois. Tagann Athena faoi bhreagriocht Mheantóra agus spreagann sí Odaiséas. Rinneadh roise sleánna a mhalartú, agus mharaigh Odaiséas agus a chuid fir roinn suiríoch agus ní tharla ach cúpla mhionghortú dóibh féin. Ar deireadh, glacann Athena páirt sa chath, a thagann deireadh leis go gasta ansin. Ní ligeann Odaiséas a bheo ach leis an oirfideach Phemius agus an aralt Medon, rannpháirtithe neamhthoilteanacha i ndrochiompar na suiríoch. D'agair an sagart Leodes trócaire ach níor éirigh leis. Iarrann Odaiséas ar Eurycleia teacht amach. Bíonn gliondar oscailte uirthi nuair a fheiceann sí na Suirígh a bhí marbh, ach stopann Odaiséas í. Bhailigh sé na searbhóntaí mná mídhílse le chéile, ar a dtugtar na coirp a réiteach ón halla ar dtús agus an fhuil a ní ón troscán; ansin cuirtear amach iad agus cuirtear chun báis iad. Iarrann Odaiséas ar Telemachus iad a ghearradh anuas le claíomh, ach cinneadh Telemachus iad a chrochadh—bás níos náirí. Ar deireadh, déantar an tréatúir Melanthius a chéasadh agus a mharú. I ndiaidh an tsléachta, mhúchghlanann Odaiséas an teach.

Cuntas comhleanúnach ar an gcath. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) D'fhéadfadh sé go n-áiteodh iarrthóirí go raibh a gCinniúint tuillte ag na Suirígh. Cé gur chaith Odaiséas go maith lena dteaghlaigh, bhain siad mí-úsáid as fáilteachas an pháláis in lotaca, ag baint tairbhe as Penelope agus iad san iomaíocht chun ceiliúr pósta a chur uirthi. Glac siad a searbhóntaí mar a leannáin luí. Thug siad drochíde amach agus amach do Telemachus agus fiú gur raibh sé beartaithe acu é a mharú. Dearbhaíonn an dóigh ar caitheamh le hOdaiséas nuair a bhí sé faoi bhréagriocht fir dhéirce a ngránnacht, caitheann siad rudaí air, agus tugann siad air troid in éadan fear déirce eile. Is deacair a áitiú nach bhfuil a gcinniúint tuillte acu. B'fhéidir go bhféadfá an pointe a dhéanamh go raibh bás ródhian.

Pointe dearbhaithe amháin. (15.)

(15 mharc)

(iv)

(a) Tá Aeinéas ar an Muir Chairib, ag iarraidh seoladh ón tSicil go dtí an Iodáil ach séidtear den chúrsa é i dtreo na hAfraice thuaidh.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(b) Tá sé an-scanraithe ag an stoirm uafásach ar an bhfarraige, a chuir Juno. Ceapann sé gurb é sin an buille marfach. Bhí sé féin agus a chuid fear ag taisteal ar feadh seacht mbliana lena gcríoch cinn scríbe a bhaint amach, ach bhí go leor trialacha le sárú acu agus ceapann Aeinéas go raibh seo róchrúa, tá an iomarca fulaingthe acu. Bheadh sé níos fearr dóibh dá ngeobhaidís bás ar thurnamh na Traí ná dul trí seo ar fad.

Cúis amháin: (10.)

(10 marc)

(c) Is í Juno, banríon na ndéithe, namhaid Ainéas agus na dTraíoch. Is fuath le Juno iad ar thrí chúis. Ar dtús, thug Prionsa na Traí an úll óir do Véineas in áit díse, ar an dara dul síos tá dáileamh ag Séas darb ainm Ganymede ar Traíoch é agus dá dtugann sé i bhfad barraíocht airde dar léi. Ach is í an tríú cúis an chúis is tábhachtaí ar fad, má théann Aeinéas go dtí an Iodáil agus má chuirtear stát na Róimhe ar bun, millfidh sé a cathair dhil féin, Carthage. Is mian léi aon rud a dhéanamh lena chinntiú nach dtarlóidh sé sin.

Dhá phointe. (8, 7.)

(15 mharc)

(d) I ndiaidh na stoirme, agus na fir ag tarrtháil earraí ó na longa, téann Aeinéas go dtí an talamh ard lena fheiceáil an féidir leis ceann ar bith de na longa agus na fir a cailleadh a fheiceáil. Maraíonn sé seacht gcarra agus soláthraíonn sé bia dá chuid fear éadóchasach. Cé go bhfuil sé tinn le himní, ní thaispeánann sé é. Ina ionad sin, tugann sé iarraidh borradh a chur faoi spiorad a fhear trí gach rud a sháraigh siad a mheabhrú dóibh agus trína ghealladh dóibh go n-éireoidh rudaí níos fearr.

Dhá phointe. (8, 7.)

(15 mharc)

Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Agastaí.

(i)

(a) Tá áthas ar Phroipeirtias go ndéanfar Cynthia “a chur sa tír” mar nach bhfuil cathú ar bith di ansin. Ní féidir léi a bheith mídhílis leis gan céilí comhraic ar bith ag a fuinneog, gan amharclanna nó teampaill ar bith chun cuairt a thabhairt orthu ansin. Ní féidir léi bualadh le duine ar bith a bheadh inchurtha leis maidir lena cion.

Pointe forbartha amháin. (15.)

(15 mharc)

(b) Tá an chuma air go gceapann Proipeirtias go bhfuil an tuath leadránach. Cuireann sé síos ar ainmhithe agus ar thírdhreacha Clitumnus ó dhearcadh a n-easpa scleondair seachas a n-áilleacht. Cuirtear uafás air nuair a smaoiníonn sé ar shealgaireacht agus deir sé go mbeadh sé ag déanamh go maith dá maródh sé éan ina suí. Tá an chuma air gur fearr leis dul ar ragairne, bheith ag ól agus bheith ag bualadh le daoine, go háirithe mná.

Dhá chúis. (8, 7.)

(15 mharc)

(c) Ba cheart do na hiarrthóirí an cheist sin a phlé go pearsanta a mhéid is féidir. B'fhéidir nach n-áiteodh siad nach duine pléisiúrtha ar roinnt cúiseanna. D'fhéadfadh na rudaí seo a leanas a bheith i gceist leis sin: a chlaontacht titim i ngrá le gach bean álainn a gcasann sé uirthi (*Soghabháltacht*); a dhearcadh róshantach i leith a leannán (*Gone to Clitumnus*); a shearbhas nuair a thagann deireadh le caidreamh seachphósta (*Gone*); a chlaonadh i leith foréigin mar le *Cynthia*, nuair a bhagraíonn sé ar a leannán. Má tá dúil acu ann, d'fhéadfadh sé go beadh na rudaí seo a leanas i gceist: a fhéith ghrinn (*Soghabháltacht* agus *Gone to Clitumnus*); a ionracas agus déine mhothúcháinach (*Cynthia* agus *Gone*) a chumas gean a bheith aice don saol (*Gone to Clitumnus*; *Soghabháltacht*).

Dhá chúis. (10, 10.)

(20 marc)

(ii)

(a) Baineann comhairle Horáit ar conas do shaol a mhaireachtáil go príomha ar théama atá gairid, is cinnte go gcríochnaíonn sé le bás dúinn ar fad, ní féidir ár ndeireadh a thuair, mar sin tá maith againn sult a bhaint as nuair is féidir linn. Insíonn sé do Leuconoe nach bhfuil ciall ar bith le bheith ag iarraidh a oibriú amach cad atá i ndán dúinn amach anseo. Deir sé nach bhfuil rud ar bith is féidir linn a dhéanamh a rachaidh i bhfeidhm ar fhad ár mbeatha, agus mar sin go gcaithfimid “greim a fháil ar an am i láthair”, sult a bhaint as an tuath, as ár gcairde, as fíon agus an amhránaíocht agus cuideachta mhaith mar nach bhfuil a fhios againn cá fhad a mhairfidh sé. Tugann sé comhairle go speisialta do dhaoine sult a bhaint as an saol nuair atá a siad óg “the best is but in season best” agus molann sé saol sláintiúil chomh maith, bheith dílis duit féin agus bheith buíoch as na pléisiúir shimplí sa dúlra, bia croíúil agus an teaghlach agus cairde. Tá an chuma air go dtugann sé ardmholadh don saol sa tuath, go háirithe saol na feirmeoireachta mar a bheith níos fearr ná saol na cathrach lena éilliú, saint agus sómas.

Dhá phointe. (10, 10.)

(20 marc)

(b) Smaoiníonn Horáit go minic faoi bhás. Cuireann sé i gcuimhne dúinn i gcónaí go bhfuil sé ag fanacht linn agus nach féidir é a sheachaint nó a chur siar. Beimid imithe. Ní féidir linn ár n-earraí a thabhairt linn, agus ní bheidh ár n-oidhrí ag déanamh bróin i bhfad. Beidh ár bhfíon costasach doirte ar an urlár marmair. Nuair a shroichfimid an Domhan Thíos, ní dhéanfaidh ár ngeinealach, ár ndea-charachtar nó ár ndeishbhéalaí difear ar bith. Fiú níorbh fhéidir le Diana nó Theseus a mhuintir a thabhairt ar ais ó na mairbh. Is é an rud maith faoi sin gur chóir dúinn sult

a bhaint as an saol atá againn, “Is leat an lá inniu, ach b’fhéidir nach dtabharfaí an lá amárach duit.”

Dhá phíosa comhairle. (10, 10.)

(20 marc)

(c) Féadfaidh iarrthóirí aontú nó easaontú. Is cosúil go n-aontóidh an chuid is mó díobh leis an ráiteas. Tá sé deacair a argóint le Horáit faoi dhosheachantacht an bháis agus an moladh an deis a thapú. Ba cheart d’iarrthóirí plé go pearsanta leis an ráiteas.

Cúis amháin: (10.)

(10 marc)

(iii)

(a) Bhí Romalas agus a chomh-Rómánaigh i dtrioblóid. Bhunaigh siad stát nua na Róimhe ach ní raibh mná ar bith acu lena chinntiú go leanfadh an náisiún. Ní aontóidh stát máguaird ar bith le conradh ar chearta pósta leis an Róimh agus mar sin chinn Romalas go gcaithfí triail a bhaint as straitéis níos misniúla. Chuir sé cuirí amach chuig na treibheanna máguaird chuig féile reiligiúnach in onóir Neiptiúin. Tháinig na Saibínigh lena dteaghlaigh. Ag comhartha, ghabh na Rómánaigh na hógmhna Saibíneacha agus d’iompair siad ar shiúl iad agus a dtuismitheoirí ag teitheadh. Bhí cuid díobh roghnaithe ag seanadóirí cheana agus fuadaíodh cuid díobh ar an tóirt. D’imigh na tuismitheoirí agus iad faoi bhrón faoina bpáistí a fuadaíodh. Mhínigh Romalas do na cailíní gurb é an t-aon chúis ar tógadh iad gur dhiúltaigh a dtuismitheoirí na tairiscintí pósta go míréasúnta. Gheall sé pósadh agus páistí dóibh. Gheall sé dóibh go dtabharfaí níos mó grá agus measa dóibh mar sin, toisc gurbh é a dhíograis dóibh a thug ar na fir iad a ghabháil agus go mbeadh an-fonn ar a bhfir chéile cailíteanas a dtithe agus a dteaghlach a chúiteamh.

Cuntas comhleanúnach. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Is cosúil go sonródh na hiarrthóirí go dtaispeánann an scéal go bhféadfadh dearcthaí na luath-Rómánach i leith ban a bheith i bhfad níos fearr. Insíonn sé faoin neart fisiceach chomh maith leis an mí-ionracas a úsáideadh chun na mná a fhuadach ar bhealach éifeachtach. Ní thugtar le fios go raibh sé sin conspóideach ón taobh morálta de. Taispeánann an cleas a d’úsáid siad ionas go bhfanfadh na mná, is é sin an scéal go raibh an-ghrá acu leo agus go gcaithfeadh siad go maith leo i gcónaí chun an fuadach a chúiteamh, gur cheap siad go raibh mná an-soineanta.

Dhá phointe. (8, 7.)

(15 mharc)

(iv)

(a) Cailleann Oirféas Eoraidíce ar dtús mar gheall gur bhain nathair nithe a bhí i bhfolach san fhéar cois abhann greim aisti. Ba é an dara huair nuair a chuaigh sé síos go dtí an Domhan Thíos chun í a fháil ar ais. Deir Plútón agus Peirsifiné leis go bhféadfadh sé í a threorú amach, ach nach raibh cad aige amharc siar ar chúis ar bith. Cloiseann sé fuaim agus gan smaoineamh,

tiontaíonn sé thart lena fheiceáil go raibh Eoraidicé á tarraingt ar ais go dtí an Domhan Thíos go deo.

Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10.)

(30 marc)

(b) Agus Oirféas ag tarraingt ar an Domhan Thíos, ceol, fiú go bhfuil spioraid na marbh corraithe ag an gceol. Fiú go stopann an Fearg agus Ceirbearas le héisteacht leis. Nuair a bhí Eoraidicé á gcaoineadh aige in amhrán, lean na hainmhithe fiáine agus fiú na crainn a cheol. Agus é ar deargbhuile mar gheall ar a neamart, réabann Bacchantes as a chéile é.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(c) Tá insint an scéil ag Virgil ag gluaiseacht ar roinnt cúiseanna: Cruachas Eoraidicé a bhí chomh mí-ádhúil sin agus dhá uair níos mí-ádhúla ansin agus í ag caoineadh a seans dul ar ais sa domhan thuas. Léirscrios Oirdéas nuair a thuigeann sé gurb air féin atá an locht go bhfuil sí cailte den dara huair “ní féidir leis an bhás pardún a ghabháil”. Tá na híomhánna de ag fánaíocht mar anam cailte, agus gol agus ag caoineadh dá bheann chéile an-tochtmhar agus léiríonn an íomhá dheireanach dá chloigeann bán ag brostú feadh na habhann, ag glaoch a hainm dílseacht a mhaireann i ndiaidh an bháis.

Cúis amháin: (10.)

(10 marc)

Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i)

(a) Is é Partanón an teampall ar an Acrapoil san Aithin.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(b) Tógadh é san Ord Dórach.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(c) Tógadh an Partonón chun an t-ór ábhalmhór agus an dealbh eabhair den Aithin le Féidias a choinneáil. Tá trí réimse eile den mhaisiú dealbhóireachta ann. Tá dhá dhealbh shaorsheasaimh i ngach ceann den dá pheidiméid thriantánacha. Taispeánann an Pheidiméid Thoir breith Aitéiné ó chloigeann Shéas agus taispeánann an Pheidiméid Thiar an iomaíocht idir Aitéiné agus Poiséadón le haghaidh phátrúnacht chathair na hAithne. Ar an bhfríos Dórach tá dealbha ard-rilife a thaispeánann comhraic aonair. Is iad sin na meatóip idir na trígilí. Taispeánann na meatóip a tháinig slán an comhrac idir muintir Lapith agus muintir Ceinteáir. Ar deireadh, tá an fríos a thimpeallaíonn an chuid istigh den fhoirgneamh thart ar 1m ar airde agus tá sé snoite i rilif íseal. Is cosúil go léiríonn sé an Mhórshiúl Panathenaic. Tá na déithe Oilimpeacha suite agus ag glacadh le muintir na hAithne: ógmhná; saoránaigh; marcaigh,

ceoltóirí; iompróirí tráidirí; iompróirí crúiscíní; laochra; carbadóirí; íobairtí ainmhithe. Tá éadach fillte ina lámh ag duine óg, an peplos is dócha atá le cur i láthair Aitéiné. Is féidir leis na hiarrthóirí sceitse a úsáid le suíomh na dealbh ar an bhfoirgneamh a thaispeáint.

Cur síos gairid. (7, 6, 6.)

(20 marc)

(d) Is féidir leis na hiarrthóirí úsáid a bhaint as ceann ar bith díobh seo a leanas chun tacú leis an ráiteas: a shuíomh; a mhéid; na mionchoigeartuithe (claon isteach na gcolún; cuar ar fud an fhoirgnimh; iontais; áilleacht an mhaisithe dealbhóireachta).

Cúis amháin. (10.)

(10 marc)

(ii)

(a) Is é gorgon, Medusa atá sa phríomhfhíor.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(b) Tá an dealbh ar pheidiméid an teampaill. (Is féidir sceitse a úsáid anseo.)

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(c) Tagann sé seo ón Ré Ársa luath. C.660-580 BC.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(d) Áirítear iad seo a leanas ar léiriú a ré: níl na fíoracha sa dealbh de réir scála. Éiríonn siad níos lú de réir mar a bhogann siad níos faide ar shiúl ón lár. Tá fíor Medusa ina staidiúir reatha an-ársa a thaispeánann í agus glúin amháin aici ar an talamh agus an ceann eile thuas san aer, tá a cabhail agus a cloigeann le feiceáil chun tosaigh, ach tá a cosa le feiceáil ón taobh. Ní staidiúir réadúil é acu léiriú stílithe den rith, amhail i gcartún. Tá an fíor agus a cuid gruaige ársa freisin, simplí ach níl siad go hiomlán nádúrtha. Tá comhdhéanamh na deilbhe scartha, taispeánann sé trí radharc éagsúla nach bhfuil gaolta lena chéile de réir dealraimh agus taispeánann an dealbha rilífe níos déanaí de réir scála agus go bhfuil gaol eatarthu. Tá fíoracha na liopard/pantar an-stílithe seachas a bheith ar nós an nádúir.

Dhá phointe. (10, 10.)

(20 marc)

(iii)

(a) Séas nó Poiséadón.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(b) Baineann sé leis an tréimhse Luath-Chlasaiceach, 480-450 R.Ch. (10)

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(c) Tá an dealbh déanta as cré-umha.(10).

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(d) Is dealbh ollmhór í. Tá a seasamh an-mhaorga agus an-uasal. Tá sé maorga ina léiriú d'fhear cumhachtach. Tá Séas/Poiséadón ag siúl go dána, réidh le trírinn/caor thine a chaitheamh agus is sampla breá é de ghluaiseacht ghafa, fíor atá díreach ar tí rud éigin an-fhuinniúil a dhéanamh. Tá an cholainn dearbhaithe go maith le matáin ardghléine. Tá an aghaidh, lena ghruaig scaoilte agus féasóg, galánta. Chomh maith leis sin tá sé i ndea-riocht.

Dhá chúis. (10, 10.)

(20 marc)

(iv)

(a) Is é sin Nicé Shamatraca. (10)

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(b) Mar Nicé, léiríonn sí bua míleata. (10)

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(c) Tagann an dealbh as an Ré Heilléanaíoch (c. 330-100 BC). Tá roinnt gnéithe tipiciúla Heilléanaíocha anseo. Ar an gcéad dul síos tá an fíor bainneannach cumhachta agus an-drámatúil. Tá mothú láidir gluaiseachta agus fuadair ann, gnéithe tipiciúla de scoil Phéargamas na deilbheoireachta Heilléanaíche. Cuireann na sciatháin mhóra leathana dráma leis, agus bhí an éadaitheoireacht atá ag guairneánach go láidir tipiciúil sa ré chomh maith.

Dhá chúis. (10, 10.)

(20 marc)

(d) Is é sin ceann de na dealbha is cáiliúla ón seansaol. Is fíor iontach é, beo le fuinneamh agus gluaiseacht. Tá an Níce i ndiaidh teacht i dtír, agus tá an ghaoth ag séideadh a cuid ball éadaigh ar ais, ag nochtadh a cruth dea-chumtha faoi. Séideann sé thart ina fillte fiáine ag tabhairt mothú iontach beaga agus brí. Tá sonra na bhfillte éadaigh agus cleití na sciathán galánta. Is í spiorad an bhua í. Bheadh aon cheann de na breithnithe sin ceart go leor.

Cúis amháin: (10.)

(10 marc)

Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i)

(a) I Samhail Shócraitéas den Ainmhithe Mór Cumhachtach déantar comparáid idir polaiteoirí agus coimeádaí ainmhithe mhóir chumhachtaigh (na daoine). Tá a fhios ag an gcoimeádaí giúmair na n-ainmhithe agus foghlaimíonn sé conas é a choinneáil sona agus sásta, ach ní thuigeann sé na giúmair sin nó cad a chiallaíonn siad. Tá pé rud a shásaíonn na hainmhithe go maith agus pé rud a chuireann isteach orthu go dona, ach ní tuairim ar bith ag an gcoimeádaí faoi na cúiseanna atá taobh thiar de cad atá á dhéanamh aige, déanann sé pé rud a shásaíonn

an t-ainmhí díreach. Tá an t-ainmhí dainséarach agus ní mór é a threorú seachas é a choinneáil sásta díreach.

Cuntas comhleanúnach: (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Tá an chuma air go bhfuil Sócraitéas ag rá go bhfuil an daonlathas nó “na daoine” cosúil le créatúr fiáin cumhachtach. Níl a fhios ag cnuasach na ndaoine cad atá maith dóibh mar sin ní mór do na daoine atá críonna iad a rialú. Ní dhéanann polaiteoirí ach iarracht an t-ainmhí a choinneáil sásta, agus ní an t-ainmhí a rialú, ag freagairt i gcónaí dá éilimh ach gan ceannaireacht a fheidhmiú. Tá Sócraitéas ag rá nuair a imíonn an daonlathas ó smacht go bhféadfadh sé go leor damáiste a dhéanamh.

Pointe forbartha amháin. (15.)

(15 mharc)

(ii)

(a) Tá na Rialtóirí ansin chun saol simplíochta déine a mhaireachtáil. Ba cheart dóibh cónaí i gcóiríocht chomhroinnte amhail saighdiúirí i mbeairic. Soláthróidh na saoránaigh eile bia dóibh, agus íocfaidh na saoránaigh iad, ach go leor le maireachtáil air go díreach. Níor cheart dóibh teagmháil ar bith a dhéanamh le hór nó le hairgead. Ba cheart go mbeadh an fíor-ór ina gcroíthe. Níl cead ag na Rialtóirí a dtithe féin a bheith acu agus caithfidh siad iad a roinnt eatarthu. Ba chóir dóibh cónaí i gcóiríocht chomhroinnte. Ar an agóid go bhféadfadh sé nach mbeadh na Rialtóirí sásta leis sin, freagraíonn Sócraitéas nach mbaineann a sonas le hábhar.

Trí riail mínithe. (10, 10, 10.)

(30 marc)

(b) Éilíonn Sócraitéas na rialacha sin ar bheith ar mhaithe leis an leas coiteann. Scríosfadh úinéireacht na réadmhaoine príobháidí dílseacht na Rialtóirí don stát. Chiallódh sé nach dtabharfadh na Rialtóirí tús áite don stát, ach go mbeidís bainteach i ndíospóidí inmheánacha, agus ar an tslí sin go gcuirfeadh siad an stát i mbaol. Sháródh gnóthachan príobháideach an leas poiblí.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(c) Cé acu an n-oibreodh sin amach san fhíorshaol, d’fhéadfadh na scoláirí an dá argóint a thabhairt, fad is gur féidir leo tacú lena smaointe.

D’fhéadfadh siad seo a leanas a bheith san áireamh le pointí follasacha don argóint: reáchtáladh stáit ar an mbonn sin roimhe, go sonrach Sparta sa seansaol ina raibh na fir ina gcónaí i mbeairic agus ní raibh gnáthshaol teaghlaigh ar bith ann; sampla eile b’fhéidir ná an t-idéal cumannach deireadh a chur le gach réadmhaoin phríobháideach chun leas an stáit.

Ina gcoinne: d’fhéadfaí a argóint gur mian bhunúsach an duine é maireachtáil i dtimpeallacht teaghlaigh le páirtí agus do pháistí féin a thógáil. Chomh maith leis sin, tá formhór na sochaithe i bhfabhar úinéireacht réadmhaoine príobháidí agus cónaí a bheith ar dhuine ina dteach féin.

Tá an stíl mhaireachtála a thugtar chun fios anseo an-dian agus eagraithe go docht agus ní thugann sé deis d'indibhidiúlacht nó rogha ar bith, d'fhéadfadh réabhlóid tarlú.

Cúis amháin: (10.)

(10 marc)

(iii)

(a) Is é seo a leanas na cáilíochtaí sin: faightear críonnacht i ndea-bhreith ar foirm eolais é. Is é an t-eolas is fearr an t-eolas a fheidhmítear thar ceann na cathrach ina hiomláine. Gheofar an chríonnacht sna Caomhnóirí sin, mar a thugtar orthu. Is leis na saighdiúirí nó na cúntóirí a throideann ar mhaithe leis an stáit agus chun an stát a chosaint an chrógacht. Is cineál oird é féinsmacht, mianta agus dúil a rialú. Baineann sé le smacht ar ár nádúr is measa ag ár nádúr is fearr. Sa stát baineann sé leis na Caomhnóirí a bheith ag rialú chnuasach na ndaoine. Ní fhaightear féinsmacht in aon aicme amháin acu ar bhealach ina mbaineann na haicmí le chéile ionas go rialóidh an rannán níos críonna agus go n-aontaíonn na daoine eile go rialófar iad.

Míniú ar gach ceann de na trí cháilíocht. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Sainítear cearta le stát ina bhfuil trí aicme a ndéanann gach ceann acu a bpost féin ina réimsí sainithe. Ba cheart do gach grúpa coinneáil leis an bpost a bhfuil cumas nádúrtha acu dó. Ba cheart go rialódh na rialtóirí, agus ba cheart go n-aontóidh na daoine eile go rialófar iad. Má thugann gach duine aire dá ngnó féin, gan cur isteach ar róil a chéile, beidh ceartas mar thoradh air sin agus freastalófar ar an leas coiteann.

Pointe amháin. (15.)

(15 mharc)

(iv)

(a) Deir Cephalus, in ainneoin a ndeir go leor daoine, ní bhaineann an tseanaois le haiféala agus caillteanas pléisiúr agus cumhachtaí. Áitíonn sé go bhfuil sé go maith a bheith saor ó “mhothúcháin den chineál sin” nuair nach mbíonn do mhothúcháin chomh dian, agus nuair nach mbíonn tú faoina smacht a thuilleadh. Deir sé go bhfuil an tseanaois éasca má bhíonn tú stuama fúithi.

Trí phointe. (7, 7, 6.)

(20 marc)

(b) Deir Cephalus ná é carachtar ná rachmas a chuidíonn le duine déileáil leis an tseanaois. Ní bheidh fear a bhfuil droch-charachtar aige ar a suaimhneas choíche leis féin, fiú má tá sé saibhir. Mar sin féin, admhaíonn sé nach gcuidíonn sé má tá tú bocht déileáil leis an tseanaois fiú más fear maith thú.

Dhá phointe. (8, 7.)

(15 mharc)

(c) Ba cheart d'iarrthóirí a thaispeáint go ndearna siad plé pearsanta leis na hargóintí agus gur chuma siad a dtuairim féin ar an gceist.

Cúis amháin: (15.)

(15 mharc)

Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i)

(a) Is mian le Commodus go bhfeicfí é mar Earcail toisc go bhfuil sé á thaispeáint le craicinn leoin ar a chloigeann agus ar a ghuaillí agus mar go bhfuil sé ag iompar cleithe agus úlla órga. Ba shaintréithe Earcail iad sin ar fad.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(b) Tá cuma shocair agus aclaí ar Commodus. Tá a chuid gruaige agus a fhéasóg clúmhach agus tá a lámh lámh-mhaisithe. Mar aon le hornaíocht an mhórlaoich Earcail, is é an éifeacht a mhórchúis agus a fhéintábhacht a léiriú. Tá cuma an-naircisíoch agus an-ghaisciúil air.

Dhá phointe. (8, 7.)

(15 mharc)

(c) Is é seo dealbh bhrád de bhean Rómhánach. Tá srón géar, beola caola agus gruanna arda uirthi. Tá a haghaidh an-dáiríre agus beagnach cantalach. Thabharfaí na línte thart ar a srón agus ar a béal le fios go raibh sí meánaosta, níos sine go cinnte. Tá a cuid gruaige ceangailte siar go teannta agus cuif ag an tosach. Is gnáthphortráid Rómhánach é mar go bhfuil cuma fhíordhuine air. Níl iarracht ar bith déanta í a “aerscuabadh” chun cuma óg nó ghalánta a chur uirthi. Agus tú ag amharc air, mothaíonn tú gurbh é seo an chuma a bhí ar an duine sin i ndáiríre arb é sin marc de dhealbh portráide Rómhanaí.

Dhá phointe. (8, 7.)

(15 mharc)

(d) Tá ceachtar ceann bailí. Ba chóir d’iarrthóirí cúis mhaith a thabhairt dá rogha.

Cúis amháin: (10.)

(10 marc)

(ii)

(a) Is gnáth-amharclann Rómhánach é an amharclann ag Orange i struchtúr iniata ar a bhfuil maisiú scaenae frons mór le trí leibhéal de cholúin agus de chuasáin a bhíodh líonta le dealbha. Tá halla éisteacha leathchiorclach ann a bhí ceangailte don scaenae frons suas go dtí an barr. Bhíodh an lucht féachana/éisteachta sa cavea nó sa láthair suí, roinnte ina ranna, bhí na suíocháin tosaigh níos mó do na daoine mór le rá. Idir an stáitse agus an lucht féachana/éisteachta bhí an cheolfhoireann leathchiorclach.

Trí phointe cur síos. (7, 7, 6.)

(20 marc)

(b) Leis an dearadh seo chruthófaí clós as féin, cosúil le formhór na n-amharclann inniu. Oireann sé sin go mór do léiriú dráma. Ní chuirfeadh aon rud isteach ar an lucht féachana/éisteacha ón taobh amuigh, agus is cosúil go raibh fuaim mhaith ann. Ina theannta sin, bheadh infheictheacht an stáitse go hiontach mar gheall ar chlaonadh na suíochán.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(c) Bhíodh na daoine den lucht féachana/éisteacha cosanta ag scáthbhrat a bhíodh ardaithe os cionn an cavea nó na láithreach suí; is féidir na coirbéil chun é a dhaingniú a fheiceáil ag barr an scaenae frons san amharclann seo.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(d) Is féidir leis na hiarrthóirí rogha a dhéanamh as mórán gnéithe lena n-áirítear iad seo a leanas: bhí a n-amharclanna oscailte ag barr agus níl ár gceannsa; níl ceolfhoireann againn i bhformhór na n-amharclanna; bíonn na hamharclanna atá againn oscailte ó cheann ceann na bliana agus bhí a léirithe siúd oscailte mar chuid d'fhéilte díreach; chaith a n-aisteoirí maisc; bhí foirgnimh a stáitsí i bhfad níos mó ná ar gceannsa a úsáideann radharcra sealadach.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(iii)

(a) Sa phictiúr seo is é ceithre Traíoch an éacht lárnach, agus iad ag tarraingt chapall ollmhór adhmaid na nGréagach isteach sa chathair, ag cinntiú scrios na Traí ar an dóigh sin. Tá an bhéim orthusan agus iad ag tarraingt mheáchan ollmhór an chapaill. Tá páistí ag damhsa thart ag ceiliúradh. Tá na saighdiúirí ina seasamh ina staic agus meirgí nó airm ina lámha i bhfad ar shiúl. Tá Traíocha eile ag breathnú air, agus iad níos doiléire sa chúlra. Tá pearsa amháin ag rith i dtreo an chapaill (Laocoon is dócha). Ar an taobh clé, brostaíonn Cassandra isteach ó na forbhallaí le rabhadh a thabhairt dóibh go raibh teip i ndán dóibh. Breathnaíonn na déithe (Minerva agus Neiptiún) ó airde ar an taobh clé den phictiúr, ag fanacht le scrios na cathrach.

Trí phointe. (9, 8, 8.)

(25 marc)

(b) Cuireann an t-ealaíontóir drámaíocht an radhairc in iúl ar chúpla bealach, trí phictiúr an-úr, tobann, a bhfuil cuma an-simplí air. Tá na buillí scuaise atá beagnach impriseanaíocht an-bhríomhar agus an-bheoga agus mothú iontach gluaiseachta agus fuinnimh ag baint leo ina simplíocht. Tá fíoracha claonta na dTraíoch iontach, iad aibhsithe i ndath geall ag taispeáint an obair mhaslach a bhain leis an gcapall a tharraingt. Tugann cosa spréite an chapaill le fios go bhfuil sé trom le meáchan na nGréagach. Tá na trasnáin láidre an-drámatúil, go háirithe na fir atá ag tarraingt an chapaill, atá aibhsithe sa chúlra. Tá úsáid an solais agus an scátha taibhseach agus lán le gruaim. Tugann ciúnas na saighdiúirí sa chúlra le fios go gcreideann siad go bhfuil an choinbhleacht thart agus is codarsnacht mhór é i gcomparáid leis an bhfíor atá ag rith (Laocoon is dócha) ag tabhairt rabhaidh faoin tubaiste. Tá tuilleadh dráma ann agus na déithe ag breathnú ar an dráma atá á nochtadh ó lastuas. Tugann sé sin le fios go bhfuil na daoine thíos aineolach agus nach bhfuil a gcinniúint faoina smacht. Cé go bhfuil sé beagáinín níos mó ná sceitse, gabhann an pictiúr mothú an tubaiste atá ar tí tarlú do Traí.

Pointe amháin. (10.)

(10 marc)

(c) Is ceist í an cheist seo atá go hiomlán suibiachtúil. Ba chóir don iarrthóir plé pearsanta lena rogha a eolas fúithi a léiriú.

Rogha amháin mínithe. (15.)

(15 mharc)

(iv)

(a) Dhéantaí uisce a iompar i bpíobáin, (a bhíodh déanta as luaidhe go minic), chuig baile na Rómáine. Nuair a chaití dul trí ghleann, bhaintí úsáid as uiscerian, amhail na cinn sna grianghraif, chun an t-uisce a thabhairt trasna an ghleanna ar chlaonadh beag. Bhaineadh na Rómhánaigh úsáid as na uiscerianta chomh maith chun uisce a iompar ar thalamh réidh, toisc go raibh píobáin sa talamh soghabhálach i leith damáiste ó thurnamh.

Pointe amháin míniúcháin. (10.)

(10 marc)

(b) Tá an stua an-tábhachtach i dtógáil na n-uiscerianta toisc go mbaintí úsáid as chun tacú leis an bpíblíne atá thuas ag barr. D'aithin Rómhánaigh go raibh sé feidhmiúil agus álainn araon le neart agus teacht aniar iontach. Baintear úsáid as foireann stuanna chun an fíor-uiscerian a ardú a ghabhann feadh an bhairr.

Dhá phointe. (8, 7.)

(15 mharc)

(c) Tá dhá shraith stuanna ar an uiscerian Segovia agus an sraith uachtair beagáinín níos lú ná an ceann ag an mbun. Tá trí shraith ar an Pont du Gard, an ceann is mó de na huiscerianta Rómhánacha, a bhfuil a méideanna an-éagsúil, ó an-mhór ag an leibhéal abhann go dtí an-bheag ag an mbarr. Tá sé i bhfuil níos mó de réir scála ná tarbhealach Segovia.

Dhá phointe. (13, 12.)

(25 marc)

